# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Teastas Sóisearach 2017

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Tíreolaíocht

# Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Réamhrá

Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a thabhairt ar an méid seo a leanas:

- Braitheann na sonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an mbealach ina gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna a sannadh don fhreagra ar an scrúdpháipéar.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
- Mar riail ghinearálta, más ann d’amhras faoina bhailí atá aon fhreagra, ní mór do scrúdaitheoirí dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.
- Níl na moltaí, samplaí etc. a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile, etc.

## Roinn 1

## Ceadaigh 20 Ceist @ 3 mharc an ceann = 60 marc

1. 3 @ 1 mharc an ceann
(i) Cráitéar (ii) Craos (iii) Seomra magma/taisce magma

2. 3 @ 1 mharc an ceann
(i) Fócas (ii) Meiriceá Thuaidh (iii) scála Richter

3. 3 @ 1 mharc an ceann
**C** = Sciorradh talún, **B** = Brúchtadh portaigh, **A** = Ithirthéaltú

4. 3 @ 1 mharc an ceann
(i) Fána sciligh/Screathan (ii) Gníomhaíocht reo is coscartha (iii) Síonchaitheamh meicniúil

5. 3 @ 1 mharc an ceann

| **X** | **Y** |
|---|---|
| A | 3 |
| B | 2 |
| C | 1 |
| D | **4** |

6. 1 @ 3 mharc
2, 3, 5

7A. 3 @ 1 mharc an ceann
(i) Coire (soirc) (ii) Oighearchreimeadh (iii) Sracadh agus scrabhadh

7B. 3 @ 1 mharc an ceann
(i) Tambaló (ii) Sil-leagan cósta (iii) Síobadh feadh cladaigh

8A. 3 @ 1 mharc an ceann

| **X** | **Y** |
|---|---|
| A | 3 |
| B | 4 |
| C | **1** |
| D | 2 |

**NÓ**

8B. 3 @ 1 mharc an ceann

| **X** | **Y** |
|---|---|
| A | 4 |
| B | 2 |
| C | **3** |
| D | 1 |

9A. 3 @ 1 mharc an ceann
(i) An Bhrasaíl (ii) Mailí (iii) Ard

**NÓ**

9B. 3 @ 1 mharc an ceann
Caipiteal, Saothar, Tarracóir

10. 1 @ 3 mharc
1, 4, 5

11. 3 @ 1 mharc an ceann
(i) Treasach (ii) Tánaisteach (iii) Príomhúil

12. 1 @ 3 mharc
2, 3, 4

13. 3 @ 1 mharc an ceann
(i) Ciorras (ii) Ard (iii) Aimsir Bhreá

14. 1 @ 3 mharc
Isihiaití

15. 1 @ 3 mharc
Seoirseach

16. 1 @ 3 mharc
Reiligiúnach

17. 3 @ 1 mharc an ceann

| **X** | **Y** |
|---|---|
| A | 3 |
| B | 4 |
| C | **2** |
| D | 1 |

18. 3 @ 1 mharc an ceann
(i) Bréagach (ii) Bréagach (iii) Fíor

19. 1 @ 3 mharc
Talamh láir ar dheis

20. 3 @ 1 mharc an ceann
(i) Duillsilteach (ii) Samhradh (iii) Talmhaíocht

Comhlánaigh **Greille Mharcála an Fhillteáin** ar chlúdach tosaigh an Fhillteáin agus cuir isteach **Marc Iomlán an Fhillteáin** ar an **gcúinne uachtarach ar dheis den chéad leathanach** de script an iarrthóra, e.g. **F 46**

# Roinn 2

## Ceadaigh Trí Cheist @ 30 marc an ceann

**Ceist 1. GNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA**

**A. Turasóireacht**

(i) Roghnaigh ceann **amháin** de na ceithre réigiún turasóireachta thuas agus ainmnigh sampla faoi leith in Éirinn den réigiún turasóireachta seo.

**Réigiún Turasóireachta in Éirinn ainmnithe @ 1m**

Sampla Éireannach ar leith ar bith.

(ii) Mínigh cúis **amháin** a mealltar turasóirí chuig an réigiún turasóireachta in Éirinn a d'ainmnigh tú i gcuid (i) thuas.

**Míniú Amháin @ 3m (Ráiteas 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

**Caithfidh baint a bheith ag an bhfreagra leis an réigiún a ainmníodh thuas, seachas sin marcanna Ráitis amháin.**
**Ná bronn marcanna as an ainm céanna ó (i) thuas i (ii).**

D'fhéadfadh go n-áireofaí ar na cúiseanna sin:
Limistéir Áilleachta Nádúrtha: radhairc áille, tírdhreach uathúil, gleannta oighreacha etc.
Imeallbhoird/Tránna: tránna ainmnithe, Slí an Atlantaigh Fhiáin, spórt uisce etc.
Caitheamh Aimsire agus Spórt: staidiamaí ainmnithe, rianta siúil/rothaíochta, cúrsa gailf etc.
Cathracha: cultúrtha, stairiúil, taitneamhachtaí siopadóireachta etc.

(iii) Déan **cur síos** ar iarmhairt dhearfach eacnamaíoch **amháin** atá ag an turasóireacht.

**Cur síos Amháin @ 3m (Ráiteas 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

D'fhéadfadh go n-áireofaí ar iarmhairtí eacnamaíocha cruthú post, seirbhísí feabhsaithe etc.

(iv) Déan cur síos ar iarmhairt dhiúltach **amháin** atá ag an turasóireacht ar an gcomhshaol.

**Cur síos Amháin @ 3m (Ráiteas 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

D'fhéadfadh truailliú uisce, tírdhreacha damáistithe etc. a bheith san áireamh le hiarmhairtí diúltacha.

(10)

**B. Iascaireacht**

(i) Tabhair míniú ar dhá chúis le róshaothrú iasc.

**Dhá chúis mínithe @ 3 mharc an ceann (Ráiteas 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

D'fhéadfadh sártrálaeir, méid mogalra eangaí, teicneolaíocht nua-aimseartha amhail sonóir etc. a bheith san áireamh leis na cúiseanna.

(ii) Déan cur síos ar **dhá** bheart a d'fhéadfaí a úsáid chun róshaothrú iasc a chosc.

**Dhá bheart mínithe @ 2 mharc an ceann (Ráiteas 1 + Forbairt 1)**

**Ná glac le hathrá díreach ach le haghaidh marc Ráitis amháin, cuardaigh eolas úr ar Fhorbairt.**

D'fhéadfadh úsáid cuótaí, longa cosanta iascaigh etc. a bheith san áireamh leis na bearta.

(10)

**C. Suíomh Tionsclaíoch**

Déan cur síos agus tabhair míniú ar **thrí** fháth a bhfuil athrú tagtha ar shuíomh thionscal iarainn agus cruach na Breataine le himeacht ama.

**Trí Chur Síos/Mhíniú @**
**4m (Ráiteas 2 + Forbairt 1 + Forbairt 1) + 3m (Ráiteas 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1) + 3m (Ráiteas 1 + Forbairt 1 +Forbairt 1)**

**Marc Forbartha amháin coimeádta as tagairt a dhéanamh d'am amháin.**
**Ní mór tagairt a dhéanamh do mhíniú i ngach freagra le haghaidh marcanna iomlána.**

(10)

**Ceist 2.** **AIBHNEACHA AGUS GNÍOMHAÍOCHT AN DUINE**

**A.** **Aibhneacha**

(i) Ainmnigh gach ceann de na **trí** chéim **A, B** agus **C.**

**Trí chéim @ 1m an ceann**

A Cúrsa uachtarach/Céim óigeanta
B Cúrsa Meánach/Céim aibí
C Cúrsa íochtarach/Céim Seanaoise

(ii) Ainmnigh gné **amháin** a chruthaítear mar thoradh ar chreimeadh abhann agus, le léaráid lipéadaithe mar chúnamh agat, mínigh conas a foirmíodh an ghné sin.

**Gné ainmnithe @ 1m**
**Léaráid lipéadaithe @1m**
**Míniú ar fhoirmiú @ 7m**
**(Ráiteas 2 + Forbairt 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

**Is féidir marc forbartha amháin a bhronnadh as faisnéis bhreise atá tugtha ar léaráid agus nach bhfuil sa fhreagra scríofa.**
**Is gá marc forbartha amháin a bhronnadh as próiseas.**

D’fhéadfadh eas, V-ghleann etc. a bheith san áireamh leis na gnéithe.
Maidir le lúb/lúbloch etc. ná glac ach leis an ngné chreimthe.

(12)

**B.** **Tuile**

(i) Tabhair míniú **amháin** ar an dóigh a ndéanann tuile dochar do cheantar.

**Míniú Amháin @ 4m (Ráiteas 2 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

Féach amach do thagairt do dhamáiste ar réadmhaoin/barra, cailleadh beathaí etc.

(ii) Tabhair míniú **amháin** ar an dóigh a ndéanann tuile maitheas do cheantar.

**Míniú Amháin @ 4m (Ráiteas 2 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

Féach amach do thagairt do sil-leagain ghláracha, uisciú nádúrtha etc.

(8)

**C. Idirghníomhaíocht an Duine leis an Tírdhreach**

(i) Mínigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le cumhacht hidrileictreach.

**Dhá Mhíniú @ 3m an ceann (Ráiteas 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

D'fhéadfadh fuinneamh glan/in-athnuaite, iompórtálacha ola a laghdú etc. a bheith i gceist leis na buntáistí.

(ii) Déan cur síos ar **dhá** agóid a d'fhéadfaí a dhéanamh i gcoinne tógáil stáisiún cumhachta hidrileictrí.

**Dhá Chur Síos @ 2m an ceann (Ráiteas 1 + Forbairt 1)**

D'fhéadfadh damáiste ar ghnáthóga nádúrtha, tuilte i dtalamh feirme/lonnaíochtaí etc. a bheith san áireamh ar na hagóidí.

(10)

**Ceist 3.** **MEASCÁN TÍREOLAÍOCHTA**

Freagair **TRÍ CINN AR BITH** de na ceisteanna **3A, 3B, 3C, 3D.**

**3A. Ithir**

(i) Cén t-ainm a thugtar ar an bpróiseas trína scagtar cothaithigh trí ithir?

**Próiseas ainmnithe @ 2m** Láisteadh

(ii) Ainmnigh **dhá** chineál ithreach ar bith de chuid na hÉireann.

**Dhá ithir Éireannacha ainmnithe @ 1m an ceann**
Ithir Dhonn, Phodsal, Ghléireach etc.

(iii) Déan cur síos agus tabhairt míniú ar fhoirmiú ceann **amháin** de na cineálacha ithreach a d'ainmnigh tú i gcuid (ii) thuas.

**Dhá Chur Síos/Mhíniú @ 3m an ceann (Ráiteas 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

**Is gá marc forbartha amháin a bheith bainteach le míniú ar an bhfoirmiú.**

(10)

**3B. Domhan Éagothrom**

(i) Cé mhéid cúnaimh dhéthaobhaigh (milliúin €) a fuair Uganda?

**(€) 23.3 (milliúin) @ 1 m**

(ii) Ríomh **X**, an méid cúnaimh dhéthaobhaigh (milliúin €) a fuair an Mhaláiv.

**(€) 20.0 (milliúin) @ 2m**

(iii) Luaigh cad is brí leis an téarma *cúnamh déthaobhach.*

**Ráiteas @ 1m**

Féach amach do thagairt do "Rialtas go Rialtas".

(iv) Mínigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le cúnamh do thíortha sa domhan i mbéal forbartha.

**Dhá Mhíniú @ 3m an ceann (Ráiteas 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

Féach amach do thagairt do níos mó sláinte, oideachais/sláinte, oideachas níos fearr/feabhsaithe etc.

(10)

**3C.** **Forbairt Gheilleagrach**

Mínigh an tslí ar chuir **dhá** cheann ar bith de na tosca a leanas moill ar fhorbairt gheilleagrach i dtír i mbéal forbartha a bhfuil staidéar déanta agat uirthi:

- Athrú aeráide (Féach amach do thagairt do Thriomach/Fairsingiú Fásaigh etc.)
- Fás an daonra (Féach amach do thagairt do bhrú ar acmhainní etc.)
- Caiteachas ar airm (Féach amach do thagairt do níos lú airgid le haghaidh seirbhísí, fiachas etc.)
- Cogadh. (Féach amach do thagairt do ghortú/bás, cur isteach ar sheirbhísí etc.)

**Dhá Mhíniú @ 5m an ceann (Ráiteas 2 + Forbairt 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

**Marc forbartha amháin as tír i mbéal forbartha a ainmniú, le bronnadh chun tairbhe an iarrthóra.**
**Marcanna ráitis amháin do thír nár ainmníodh.**
**Caithfidh an dá thoisc a bheith as an tír chéanna.**
**Más rud é gur pléadh dhá thír éagsúla, marcáil an dá cheann agus ceadaigh an ceann is airde.**

(10)

**3D.** **Daonra**

(i) Luaigh **dhá** chúis a bhfuil an ráta báis ag luainiú i gCéim 1.

**Dhá chúis luaite @ 1m an ceann**
D'fhéadfadh gorta, galar, cogadh etc. a bheith san áireamh ar na cúiseanna.

(ii) Mínigh cúis **amháin** a bhfuil an daonra iomlán ag ardú go tapa i gCéim 2.

**Míniú amháin @ 3m (Ráiteas 2 + Forbairt 1)**
D'fhéadfadh feabhas ar chúram sláinte, soláthar bia etc. a bheith san áireamh ar na cúiseanna.

(iii) Mínigh cúis **amháin** a bhfuil na rátaí báis ag laghdú i gCéim 4.

**Míniú amháin @ 3m (Ráiteas 2 + Forbairt 1)**
**Nóta: Glac le ceachtar den dá cheann – an bhfuil na rátaí breithe nó na rátaí báis ag laghdú.**

D'fhéadfadh stádas na mban, pósadh níos déanaí, córas sláinte níos fearr, soláthar bia níos fearr, caighdeán maireachtála níos airde etc. a bheith san áireamh ar na cúiseanna.

(iv) Ainmnigh sampla **amháin** de thír ag Céim 4 i Samhail an Trasdula Dhéimeagrafaigh.

**Tír ainmnithe @ 2m** Tír fhorbartha ar bith

(10)

**Ceist 4. AIMSIR AGUS AERÁID**

**A. Fliuchras**

(i) Ainmnigh an cineál fliuchrais a luaitear leis an léaráid thuas.

**Fliuchras ainmnithe @ 2m** Comhiomprach

(ii) Déan cur síos agus tabhair míniú ar an tslí a dtarlaíonn an cineál seo fliuchrais.

**Dhá Chur síos/Mhíniú @ 3m an ceann (Ráiteas 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

**Marc Forbartha amháin coimeádta as míniú.**

Féach amach do thagairt don ghrian ag téamh an domhain, aer te ag ardú, ag fuarú agus ag comhdhlúthú etc.

(8)

**B. Aeráid**

Mínigh an tslí a dtéann **trí** cinn ar bith de na tosca seo a leanas i bhfeidhm ar aeráid:

- Domhanleithead (níos gaire don mheánchiorcal etc.)
- Gnáthghaotha (dóigh ar bith a dtéann gaotha i bhfeidhm ar an teocht/frasaíocht)
- Fad ó na farraigí agus na haigéin (téamh éagothrom na talún/farraige etc.)
- Airde (dá airde a théann tú, is ea is fuaire a bhíonn sé etc.)
- Faoiseamh (nochtadh méadaithe limistéar ardtalún etc.)

**Trí mhíniú @ 4m an ceann (Ráiteas 2 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

(12)

**C. Cineál Aeráide**

(i) Ainmnigh aeráid the **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

**Aeráid the ainmnithe @ 2m**
Fásach Te, Meánchiorclach, Savannah etc.

(ii) Déan cur síos agus tabhair míniú ar thréithe teochta agus frasaíochta na haeráide
te seo.

**Cur Síos/Míniú ar thréithe teochta @4m (Ráiteas 2 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**
**Cur Síos/Míniú ar thréithe frasaíochta @4m (Ráiteas 2 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

**Má bhíonn cuid (i) neamhbhailí ná bronn ach marcanna Ráitis i gcuid (ii).**
**Marc Forbartha amháin coimeádta as míniú ar theocht agus ar fhrasaíocht.**

(10)

**Ceist 5.** **AERFÓTAGRAF AGUS LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS**

**A**. Scrúdaigh an **tAERFÓTAGRAF** atá tugtha leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den aerfótagraf.

Ar do shracléarscáil, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann acu seo a leanas:


- An abhainn
- Séipéal
- Limistéar caitheamh aimsire
- Limistéar ina bhfuil tithe sraithe.

**Ceithre ghné taispeánta agus lipéadaithe @2m an ceann.**

**Caithfidh gach gné a bheith taispeánta go cruinn san imlíne agus a bheith lipéadaithe.**

**Fráma agus Treoshuíomh @ 2m (1 + 1)**

(10)




**Is chun críche léirithe amháin atá an sracléarscáil thuas.**

**B**. Scrúdaigh an **tAERFÓTAGRAF** atá tugtha leis an bpáipéar seo.

Tá sé beartaithe óstán a thógáil sa tulra ar dheis san aerfótagraf.

Mínigh dhá **chúis** a mbeadh sé seo oiriúnach mar shuíomh d'óstán.

**Dhá Mhíniú @ 4m an ceann (Ráiteas 2 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

D'fhéadfadh dea-rochtain ar bhóithre, gar don bhaile i gcomhair seirbhísí etc. a bheith i gceist leis na cúiseanna.

(8)

**C**. Scrúdaigh **LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS** atá tugtha leis an bpáipéar seo.

'Tá stair fhada lonnaíochta ag an limistéar a thaispeántar ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.

Ainm, aimsigh ag baint úsáid as tagairtí greille sé fhigiúr, agus míniú trí shampla éagsúla den lonnaíocht stairiúil a fheictear ar an léarscáil.

**Trí shampla de lonnaíocht stairiúil mar a leanas:**
**Ainmnithe 1m**
**Tagairt ghreille 1m**
**Cur síos @ 2m (Ráiteas 1 + Forbairt 1)**

D'fhéadfadh tuama Meigiliteach (W295 668), Gallán (W263 671), Caisleán (W293 734) etc. a bheith san áireamh leis na samplaí.

(12)